Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Plean Gníomhaíochta Bliantúil Dualgais Chomhairle Chontae na Gaillimhe

2026



# Clár na nÁbhar

Réamhrá ..... 3

Plean Gníomhaíochta Bliantúil Dualgais 2026 ..... 5

Monatóireacht agus Tuairisciú ..... 8

# Réamhrá

Tá an Chomhairle tiomanta mar Cheannaire Seirbhíse Poiblí sa Chontae, mar Údarás Pleanála don Chontae agus mar an t-aon ardán daonlathach atá dírithe go hiomlán ar Chontae na Gaillimhe d'fheidhmiú leanúnach Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine faoi Alt 42 d'Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Dírítear an tiomantas seo do chomhionannas agus do chearta an duine ar na grúpaí sin atá clúdaithe ag forais inscne (lena n-áirítear léiriú inscne, féiniúlacht inscne agus tréithe gnéis); stádas sibhialta; stádas teaghlaigh (lena n-áirítear tuismitheoirí aonair agus cúramóirí); aois; míchumas; gnéaschlaonadh; cine; creideamh; a bheith mar chuid den Lucht Siúil; agus stádas socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste, chomh maith leo siúd ag crosbhealaí na bhforas sin, agus sealbhóirí cearta aonair faoi ionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine. Is iad seo na grúpaí aitheanta don Dualgas.

Tá ár gcur i bhfeidhm den Dualgas spreagtha ag an uaillmhian seo a leanas:

**Dínit**:

Baineann dínit le meas, cúirtéis, cothroime agus muintearas. Baineann sí le caitheamh go cothrom le gach duine, agus le bheith freagrúil do riachtanais aonair.

- ✓ Cothaíonn agus tacaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe le samhail de chomhtháthú sóisialta ina bhfuil stádas agus seasamh ag daoine agus ag pobail ó na grúpaí aitheanta mar bhaill luachmhara den tsochaí agus ina mbaineann siad tairbhe as caidreamh measúil agus cúirtéiseach leis an bpobal i gcoitinne.
- ✓ Oibrímid chun timpeallacht eagraíochta a chruthú ina gcaitear go cothrom le custaiméirí, le baill foirne agus le tairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta, ina mbaineann siad leas as muintearas agus caidreamh measúla, agus ina mbíonn meas ar phríobháideachas. Tá beartais i bhfeidhm againn a leagann síos caighdeáin ina leith sin agus a chuireann i bhfeidhm iad go héifeachtach: Beartais agus Nósanna Imeachta um Dhínit ag an Obair.

**Éagsúlacht**:

Is éard atá i gceist le héagsúlacht ná eagraíocht a léiríonn an tsochaí ar a bhfreastalaíonn sí agus atá inrochtana ina cuid feidhmeanna go léir. Baineann sé le hoiriúnú do shainriachtanais na héagsúlachta daoine.

- Cothaíonn agus tacaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe le timpeallacht inrochtana do na grúpaí aitheanta, agus déanann sí a dícheall prionsabail agus cleachtais de dhearadh uilíoch a chur chun cinn, a chur i bhfeidhm agus a chumasú don bhonneagar agus don ríocht phoiblí, agus do sholáthar seirbhíse agus ionaid oibre.
- Oibrímid ar bhealach atá inrochtana agus solúbtha chun freastal réasúnta a dhéanamh ar éagsúlacht na gcustaiméirí, na foirne agus na dtairbhithe beartais ó na grúpaí sainaitheanta, ag déanamh oiriúnuithe dá sainriachtanais laistigh de na hacmhainní atá ar fáil, agus ag cinntiú go bhfuil na córais i bhfeidhm do fhreastal réasúnta a chur i bhfeidhm, agus a chur in iúl go héifeachtach.

**Rannpháirtíocht**:

Is éard atá i gceist le rannpháirtíocht ná go bhfuil guth agus cead cainte ag daoine, agus go bhfuil rannpháirteachas agus comhoibriú ann. Is éard atá i gceist leis ná a bheith oscailte, eolas a chur ar fáil d'éagsúlacht na ndaoine, éisteacht leo agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha, agus iad a spreagadh le bheith rannpháirteach i bpróisis chomhairliúcháin agus chinnteoireachta agus in

iarrachtaí comhpháirtíochta.

- Oibríonn Comhairle Chontae na Gaillimhe chun eagraíochtaí ionadaíocha ar fud na ngrúpaí aitheanta a chur chun cinn agus chun tacú leo, agus chun struchtúir rannpháirtíochta agus bealaí oibre comhpháirtíochta a bhunú a éascaíonn rannpháirtíocht i measc daoine ó na grúpaí aitheanta agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha i bhforbairt an Chontae.
- Oibrímid ar bhealach a n-éascaíonn éisteacht le custaiméirí, le baill foirne, agus le tairbhithe beartais ó na grúpaí aitheanta trí raon bealaí, rud a chinntíonn go n-éistear leo agus go dtugtar a gcuid aiseolais agus tuairimí san áireamh. Bímid i dteagmháil le daoine ó na grúpaí aitheanta agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha inár gcinnteoireacht agus inár bpróisis chomhairliúcháin agus struchtúir.

**Ionchuimsiú**:

Baineann ionchuimsiú le dáileadh acmhainní agus rochtain orthu agus feabhas a chur ar fholláine agus ar cháilíocht na beatha don éagsúlacht daoine. Is éard atá i gceist leis ná díriú ar dhaoine a fhulaingíonn an neamhionannas agus a ndul chun cinn a éascú agus a gcúinsí a athrú chun feabhais.

- Déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe a dícheall rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach na ndaoine agus na bpobal ó na grúpaí aitheanta i saol sóisialta, eacnamaíoch, polaitiúil agus cultúrtha an Chontae a chur chun cinn agus tacú leis.
- Oibrímid ar bhealach a dhíríonn agus a sholáthraíonn cúnamh agus acmhainní chun cúinsí agus saol na ndaoine agus na bpobal ó na grúpaí aitheanta a fheabhsú.

Cuirtear an uaillmhian seo chun cinn trí chur i bhfeidhm leanúnach na Comhairle ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. D'ullmhaigh an Grúpa Oibre um Dhualgas Comhionannais agus Cearta an Duine Plean Cur Chun Feidhme don Dualgas, a ghlac an Fhoireann Bainistíochta an 25 Iúil 2023 agus a tugadh cothrom le dáta ina dhiaidh sin i Ráithe 1 2025 chun an treoir is déanaí a fuarthas ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) a léiriú agus atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag https://www.galway.ie/en/governance-administration/governance/public-sector-duty. Leagtar amach sa Phlean Cur Chun Feidhme creat luachanna comhionannais agus chearta an duine na Comhairle, measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a bhaineann lenár bhfeidhmeanna, agus na céimeanna leanúnacha is gá chun cur i bhfeidhm na Comhairle ar an Dualgas a chumasú, a bhaint amach agus tuairisciú a dhéanamh air.

Mar thoradh air sin, trína bpleananna bliantúla seachadta seirbhíse, thug na Stiúrthóireachtaí aghaidh ar a gcuid feidhmeanna éagsúla déanta beartas, seachadadh seirbhísí, fostaíochta, soláthair agus maoinithe, ar bhealach a léiríonn an uaillmhian seo ag féachaint do Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Sa mhéid seo, glacfaidh siad céimeanna chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a sainaithníodh sa mheasúnú a rinne an Chomhairle ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a bhaineann le feidhmeanna na Comhairle.

Leis seo, rianóidh siad dul chun cinn maidir le dul i ngleic leis na saincheisteanna seo ionas gur féidir leis an gComhairle tuairisciú ar an dul chun cinn seo go bliantúil. Leis sin, gheobhaidh siad tacaíocht ó Ghrúpa Oibre tras-eagraíochta na Comhairle maidir le Dualgas um Chomhionannas Cearta an Duine.

Tá Grúpa Oibre na Comhairle maidir le Dualgas um Chomhionannas agus Cearta an Duine á thionól i gcónaí agus sainordú aige pleananna bliantúla a ullmhú chun an Dualgas a chur i bhfeidhm – lena gclúdaítear tionscnaimh chumasúcháin agus gníomhaíochtaí cur chun feidhme; tacaíocht a sholáthar do na Stiúrthóireachtaí a chuireann céim dhul i ngleic an Dualgais chun feidhme; tuarascáil a ullmhú, agus athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta, agus tacú leis sin, agus leis na céimeanna breise a d'fhéadfaí a ghlacadh chun é sin a neartú.

# Plean Gníomhaíochta Bliantúil Dualgais 2026

**Aonad na Seirbhísí Corparáideacha**

Pleananna, beartais, cláir agus straitéisí a athbhreithniú nó a fhorbairt a bheidh faoi réir measúnú tionchair comhionannais agus Cearta an Duine, mar chuid den Dualgas leanúnach faoi Alt 42(1):

- ✓ Athbhreithniú ar Fhodhlíthe Corrthrádála

Pleananna, beartais agus gníomhartha a thugann aghaidh go díreach ar shaincheisteanna comhionannais agus Cearta an Duine, mar chuid den Dualgas straitéiseach faoi alt 42(2):

- ✓ Beartas um Stádas Comhionann a fhorbairt (Seirbhísí do Chustaiméirí)

Céimeanna a thabharfar chun an Dualgas a chur i bhfeidhm, bunaithe ar an bplean forfheidhmithe seo

- ✓ Plean Gníomhaíochta Bliantúil Dualgais 2026 a ullmhú
- ✓ Plean Oiliúna Comhairleoirí
- ✓ Ceardlanna Oiliúna Dhualgas na hEarnála Poiblí
  - Foireann – 2 cheann in aghaidh na bliana
  - Comhairleoirí – ceann amháin in aghaidh na bliana
- ✓ An chuid PSD den suíomh gréasáin a choinneáil cothrom le dáta le treoir agus doiciméid reatha
- ✓ Leathanach inlín PSD tiomnaithe a choinneáil do bhaill foirne (treoir, teimpléid, acmhainní)
- ✓ Cumarsáid ráithiúil a eisiúint chuig baill foirne atá ar an Dualgas
- ✓ Nuashonruithe PSD a chur san áireamh mar mhír bhuan ag cruinnithe ráithiúla an Ghrúpa Oibre um Rialachas Corparáideach
- ✓ Taifead lárnach a choinneáil ar theimpléid Mheasúnaithe Tionchair Chomhionannais agus Chearta an Duine atá curtha i gcrích

**Leabharlanna na Cathrach agus an Chontae**

Pleananna, beartais, cláir agus straitéisí a athbhreithniú nó a fhorbairt a bheidh faoi réir measúnú tionchair comhionannais agus Cearta an Duine, mar chuid den Dualgas leanúnach faoi Alt 42(1):

- ✓ Athbhreithniú Straitéiseach ar Sheirbhís Leabharlainne agus ar Phlean Straitéiseach Leabharlann Phoiblí na Gaillimhe 2026-2030.

- ✓ Straitéis Luathbhlianta chun seirbhísí leabharlainne poiblí a chur chun cinn agus a sholáthar a thacaíonn agus a chuireann le forbairt litearthachta leanaí ó bhreith go 4 bliana.

| |
|---|
| Pleananna, beartais agus gníomhartha a thugann aghaidh go díreach ar shaincheisteanna comhionannais agus Cearta an Duine, mar chuid den Dualgas straitéiseach faoi alt 42(2):<br><br>✓ Iniúchadh éagsúlachta agus cuimsitheachta a dhéanamh ar bhailiúcháin reatha chun déimeagrafaic an phobail a léiriú<br><br>✓ Cláir tuisceana airgeadais chuimsithigh a fhorbairt ar fud líonra na leabharlanna le béim ar leith ar dhaoine fásta leochaileacha agus ar dhaoine scothaosta trí threoir iontaofa, phobalbhunaithe a thairiscint atá deartha chun bacainní a laghdú agus folláine airgeadais a mhéadú<br><br>Leanann Leabharlanna na Gaillimhe le Clár Aitheantais Leabharlanna Aoisbháúla na hÉireann a chur i bhfeidhm trí sheirbhísí inrochtana, fáilteacha a sholáthar atá múnlaithe ag riachtanais daoine scothaosta.<br><br>✓ Leanúint ar aghaidh ag uasghrádú áiseanna chun tacú le húsáideoirí néara-éagsúla |
| **Aonad Pleanála** |
| Pleananna, beartais, cláir agus straitéisí a athbhreithniú nó a fhorbairt a bheidh faoi réir measúnú tionchair comhionannais agus Cearta an Duine, mar chuid den Dualgas leanúnach faoi Alt 42(1):<br><br>✓ Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae<br>✓ Athbhreithniú ar Scéim Ranníocaíochta Forbartha |
| **Aonad Comhshaoil** |
| Pleananna, beartais, cláir agus straitéisí a athbhreithniú nó a fhorbairt a bheidh faoi réir measúnú tionchair comhionannais agus Cearta an Duine, mar chuid den Dualgas leanúnach faoi Alt 42(1):<br><br>✓ Athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Bainistíochta Bruscair 2026-2028 agus é a fhorbairt |
| **An Stiúrthóireacht Tithíochta** |
| Pleananna, beartais, cláir agus straitéisí a athbhreithniú nó a fhorbairt a bheidh faoi réir measúnú tionchair comhionannais agus Cearta an Duine, mar chuid den Dualgas leanúnach faoi Alt 42(1):<br><br>✓ Straitéis Iompar Frithshóisialta<br>✓ Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta<br>✓ Scéim Cíosanna Difreálacha<br><br>Pleananna, beartais agus gníomhartha a thugann aghaidh go díreach ar shaincheisteanna comhionannais agus Cearta an Duine, mar chuid den Dualgas straitéiseach faoi alt 42(2):<br><br>✓ Bearta a chur i bhfeidhm chun Cosc a chur ar Iompar Frithshóisialta<br>✓ Clár Cóiríochta don Lucht Siúil a chur i bhfeidhm<br>✓ Plean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean a chur i bhfeidhm<br>✓ Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a chur i bhfeidhm |
| **An tAonad Pobail, Forbartha Tuaithe & Comhtháthaithe** |
| Pleananna, beartais, cláir agus straitéisí a athbhreithniú nó a fhorbairt a bheidh faoi réir measúnú tionchair comhionannais agus Cearta an Duine, mar chuid den Dualgas leanúnach faoi Alt 42(1): |

- ✓ Plean Áitiúil Spóirt
- ✓ Straitéis Áineasa Faoin Aer
- ✓ Straitéis um Chomhtháthú Imirceach
- ✓ Plean Ealaíon agus Athbhreithniú ar an gClár
- ✓ An Clár Feabhsúcháin Áitiúil (Scéim Deontais)

Pleananna, beartais agus gníomhartha a thugann aghaidh go díreach ar shaincheisteanna comhionannais agus Cearta an Duine, mar chuid den Dualgas straitéiseach faoi alt 42(2):

- ✓ Clár Ealaíon agus Míchumais a chur i bhfeidhm
- ✓ Straitéis Aoisbháúil 2026-2031 a chur i bhfeidhm

**Bonneagar Fisiciúil, Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála, an Stiúrthóireacht um Athrú Aeráide**

Pleananna, beartais, cláir agus straitéisí a athbhreithniú nó a fhorbairt a bheidh faoi réir measúnú tionchair comhionannais agus Cearta an Duine, mar chuid den Dualgas leanúnach faoi Alt 42(1):

- ✓ Scéim Taisteal Gníomhach Bhaile Átha an Rí

- ✓ Straitéis Sábháilteachta Dóiteáin a fhorbairt
- ✓ Beartas Sábháilteachta Dóiteáin Pobail a fhorbairt
- ✓ Athbhreithniú a dhéanamh ar Alt 26 den Phlean Oibríochtaí Dóiteáin agus Éigeandála

Céimeanna a thabharfar chun an Dualgas a chur i bhfeidhm, bunaithe ar an bplean forfheidhmithe seo

- ✓ Feabhas a chur ar chumas oifigí Ceantar Bardasach na Comhairle agus aird iomlán a thabhairt ar Dhualgas Comhionannais agus Cearta an Duine na hEarnála Poiblí.

# Monatóireacht agus Tuairisciú

Beidh próiseas láidir monatóireachta agus tuairiscithe arna stiúradh ag an nGrúpa Beartais Chorparáidigh (GPC) mar thaca le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta. Beidh an GPC comhdhéanta de bhaill na Foirne Bainistíochta Sinsearaí, Cathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha (CBSanna), agus an Cathaoirleach.

Ceanglófar ar aonaid taifid leordhóthanacha agus chuí a choinneáil ar fud na heagraíochta, ina ndoiciméadófar na céimeanna a glacadh chun an Dualgas a chur i bhfeidhm agus a dtionchar. Ba cheart na taifid seo, lena n-áirítear cóip de Mheasúnú Tionchair Dualgas na hEarnála Poiblí arna seoladh ag Aonaid, a chur faoi bhráid na Foirne Rialachais Chorparáidigh laistigh de Sheirbhísí Corparáideacha le haghaidh bainistíochta lárnach. Cuirfear na taifid ar fáil don ghrúpa oibre chun comhlíonadh an Dualgais a léiriú.

Chun dul chun cinn leanúnach a chinntiú, gheobhaidh an Grúpa Beartais Chorparáidigh tuarascálacha ráithiúla ó Ghrúpa Oibre na Comhairle um Dhualgas um Chomhionannas agus um Chearta an Duine. Spreagfaidh na tuarascálacha seo cur i bhfeidhm leanúnach Dhualgas um Chomhionannas agus Cearta an Duine na hEarnála Poiblí, ag mionsonrú an dul chun cinn atá déanta maidir le dul i ngleic le saincheisteanna comhionannais agus Cearta an Duine a bhaineann le feidhmeanna na Comhairle, lena n-áirítear iad siúd atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach agus sa Phlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil.

Áireofar i dTuarascáil Bhliantúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe tuarascáil ar na forbairtí agus ar an méid atá bainte amach i gcur i bhfeidhm an Dualgais, bunaithe ar thuarascáil a d'ullmhaigh an grúpa oibre. Eagróidh nó tacóidh an grúpa oibre le próiseas machnaimh ar an tuarascáil seo d'fhonn an rath a cheiliúradh agus pleananna, beartais agus gníomhartha a neartú chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna comhionannais agus Cearta an Duine de réir mar is gá.

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Plean Gníomhaíochta Bliantúil Dualgais Chomhairle Chontae na Gaillimhe

2026